C/2026/2789

19.5.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/2789)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Speck Alto Adige / Südtiroler Markenspeck / Südtiroler Speck’

Uimhir thagartha AE: PGI-IT-0327-AM01 — 20.2.2026

1. **Ainm an táirge**

‘Speck Alto Adige / Südtiroler Markenspeck / Südtiroler Speck’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Iodáil

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta, Bhiafhlaithis agus Foraoiseachta - An Roinn Biafhlaithis agus Spóirt Eachaíochta

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Ní leasuithe ar leibhéal an Aontais iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge le haghaidh TGFC Speck Alto Adige toisc nach gcomhlíonann siad na critéir a leagtar síos in Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143, i.e.:

— níl i gceist leo athrú ar an ainm ná ar úsáid an ainm;

— níl baol ann dá ndeasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach dá dtagraítear sa doiciméad aonair ar neamhní; agus

— níl srianta breise ar chur ar an margadh an táirge i gceist leo.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Leasú ar Airteagal 4

Tuairisc

Leasú 1

Baineann an leasú le hAirteagal 4, an tríú mír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.4 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, baintear na focail ‘agus tirimleasaithe’ den abairt a thagraíonn do dheatú.

Cúis: Is iomchuí an leasú chun an chéim bheacht i bpróiseáil an táirge a shainaithint agus chun aon débhríocht a bhaint maidir le forálacha na sonraíochta táirge ina dhiaidh sin a bhaineann leis an gcéim shonrach tirimleasaithe.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 4

Tuairisc

Leasú 2

Baineann an leasú le hAirteagal 4, an tríú mír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.4 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Cuirtear ‘tirimleasaithe’ in ionad ‘aosaithe’ leis an leasú.

Cúis: Is iomchuí an leasú ionas go saineofar céimeanna éagsúla na próiseála ar bhealach níos soiléire.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 4

Tuairisc

Leasú 3

Baineann an leasú le hAirteagal 4, an ceathrú mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Méadaítear leis an leasú an uastréimhse ina dtarlaíonn an sailleadh agus an blaistiú ó 4 lá go 6 lá.

Cúis: Tá gá leis an méadú chun ceanglais sceideal oibre agus eagrúchán an ghnóthais a chomhlíonadh, agus chun aon débhríocht maidir leis na hamscálaí atá le hurramú a sheachaint.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 4

Tuairisc

Leasú 4

Baineann an leasú le hAirteagal 4, an cúigiú mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Sonraítear leis an leasú gurb é dáta tosaigh na próiseála an dáta a sheachadtar an fheoil chuig an mbunaíocht.

Cúis: Leis an leasú, soiléirítear cur i bhfeidhm na sonraíochta táirge le haghaidh oibreoirí agus chun críoch rialaithe.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 5

Tuairisc

Leasú 5

Baineann an leasú le hAirteagal 5, mír 3, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, tugtar isteach idirdhealú idir na cineálacha cos muiceola ar bhonn na gcríoch mhargaíochta atá beartaithe: cosa a bhfuil sé beartaithe iad a choinneáil iomlán, cosa a bhfuil sé beartaithe iad a ghearradh ina dhá chuid, cosa a bhfuil sé beartaithe iad a shliseadh, cosa a bhfuil sé beartaithe iad a ghearradh i níos mó ná dhá chuid.

Cúis: Tá gá leis an leasú chun faisnéis shonrach táirgthe a sholáthar d'oibreoirí maidir le próiseáil na gcineálacha éagsúla cos muiceola.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 5

Tuairisc

Leasú 6

Baineann an leasú le hAirteagal 5, mír 3, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Ceanglaítear leis an leasú córais rianaithe a ghlacadh chun an chos muiceola atá á próiseáil a nascadh leis na cineálacha éagsúla dá bhforáiltear sa tsonraíocht táirge.

Cúis: Tá gá leis an leasú sin chun a áirithiú go bpróiseálann na monaróirí na cineálacha éagsúla cos muiceola i gceart, chun féinmhonatóireacht agus seiceálacha cuí a éascú agus ceanglais na gcos éagsúil á bhfíorú acu chun TGFC Speck Alto Adige a tháirgeadh, i gcomhréir leis na nósanna imeachta margaíochta a leagtar síos sa tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 5

Tuairisc

Leasú 7

Baineann an leasú le hAirteagal 5, mír 3, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Sonraítear sa leasú gur ceanglas é an laghdú íosta meáchain 35 % i gcás cosa muiceola a bhfuil sé beartaithe iad a choinneáil iomlán, cosa a bhfuil sé beartaithe iad a ghearradh ina dhá chuid, agus cosa a bhfuil sé beartaithe iad a shliseadh.

Cúis: Tá gá leis an leasú toisc go bhfuil na cosa muiceola a bhfuil sé beartaithe iad a choinneáil iomlán, na cosa a bhfuil sé beartaithe iad a ghearradh ina dhá chuid agus na cosa a bhfuil sé beartaithe iad a shliseadh níos nochta don aer mar gheall ar chruth anatamaíoch na coise muiceola. Dá bhrí sin, ní mór dóibh laghdú íosta meáchain 35 % a bhaint amach chun saintréithe an TGFC a bhaint amach.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 5

Tuairisc

Leasú 8

Baineann an leasú le hAirteagal 5, mír 4, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Is éard a shonraítear sa leasú, a luaithe a bhainfear amach an laghdú íosta meáchain 35 % laistigh den teorainn ama a leagtar síos sa tsonraíocht táirge, go gceadaítear *affinamento*, cineál aibithe ina n-úsáidtear scannán cumhdaithe de ghrád bia, i gcás cosa muiceola a bhfuil sé beartaithe iad a choinneáil iomlán, cosa a bhfuil sé beartaithe iad a ghearradh ina dhá chuid, agus cosa bhfuil sé beartaithe iad a shliseadh.

Cúis: Tá gá leis an leasú sin chun treoracha oibríochtúla beachta a sholáthar do mhonaróirí maidir leis na cineálacha coise muiceola dá gceadaítear *affinamento* chun saintréithe an TGFC a bhaint amach.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 5

Tuairisc

Leasú 9

Baineann an leasú le hAirteagal 5, mír 4; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, tugtar isteach ceanglas sonrach maidir le laghdú íosta meáchain 38 %, atá le baint amach laistigh de na teorainneacha ama a leagtar síos sa tsonraíocht táirge, ag brath ar aicmí éagsúla meáchain na gcos muiceola, i gcás cosa a bhfuil sé beartaithe iad a ghearradh i níos mó ná dhá chuid.

Cúis: Is é is cúis leis an leasú sin an gá atá le caighdeánú a dhéanamh ar raimhre cos muiceola a bhfuil sé beartaithe iad a ghearradh i níos mó ná dhá chuid, trí fhoráil a dhéanamh maidir le laghdú íosta meáchain níos mó ná mar a dhéantar i gcás cineálacha eile cos. Is amhlaidh atá toisc gur lú craiceann muiceola agus gur lú clúdach craicinn a bhíonn ar chosa muiceola a ghearrtar i níos mó ná dhá chuid. Dá bhrí sin, teastaíonn tréimhse aosaithe níos faide ón bhfeoil.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 5

Tuairisc

Leasú 10

Baineann an leasú le hAirteagal 5, mír 4; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Sonraítear sa leasú nach gceadaítear *affinamento* i gcás cosa muiceola a bhfuil sé beartaithe iad a ghearradh i níos mó ná dhá chuid.

Cúis: Tá gá leis an gcoinníoll sin toisc go n-áirithítear leis an laghdú íosta meáchain 38 % go mbaintear amach saintréithe an táirge deiridh gan gá le *affinamento*.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 5

Tuairisc

Leasú 11

Baineann an leasú le hAirteagal 5, an mhír dheireanach; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, baintear an tagairt d'Airteagal 7 den tsonraíocht táirge.

Cúis: Tá gá leis an mbaint sin i bhfianaise struchtúr airteagail nua na sonraíochta táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

Teideal

Leasú ar Airteagal 5

Tuairisc

Leasú 12

Baineann an leasú le hAirteagal 5, an mhír dheireanach, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.6 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, tugtar isteach an téarma breise 'Riserva' atá forchoimeádta le haghaidh an táirge TGFC a thagann ó chosa muiceola a bhfuil sé beartaithe iad a choinneáil iomlán, cosa a bhfuil sé beartaithe iad a ghearradh ina dhá chuid, agus cosa a bhfuil sé beartaithe iad a shliseadh, agus na saintréithe seo a leanas iontu: i ndeireadh na tréimhse próiseála, ní mór meáchan 4,3 kg ar a laghad a bheith iontu agus ní mór iad a thirimleasú ar feadh 28 seachtaine ar a laghad agus laghdú íosta meáchain 39 % a bheith i gceist leo, agus ní mór na saintréithe dá dtagraítear in Airteagal 6 a bheith iontu.

Cúis: Tríd an téarma breise 'Riserva' a thabhairt isteach, fágtar leis an leasú gur féidir an feabhas ginearálta atá tagtha ar na saintréithe fisiceacha agus céadfacha a chur i dtábhacht, ar saintréithe iad a bhaineann le dath, le huigeacht, le blas agus le dea-bholadh ar toradh iad ar an íostréimhse thirimleasaithe níos faide i gcás cosa muiceola a bhfuil meáchan 4,3 kg ar a laghad iontu. Mar thoradh air sin, tagann méadú ar an laghdú íosta meáchain a shocraítear ag 39 % i gcás cosa a bhfuil sé beartaithe iad a choinneáil iomlán, cosa a bhfuil sé beartaithe iad a ghearradh ina dhá chuid agus cosa a bhfuil sé beartaithe iad a shliseadh.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 5

Tuairisc

Leasú 13

Baineann an leasú le hAirteagal 5, an mhír dheireanach, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.6 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leagtar síos leis an leasú, i gcás cosa muiceola a bhfuil sé beartaithe iad a ghearradh i níos mó ná dhá chuid, go bhféadfar an téarma breise 'Riserva' a úsáid i gcás cosa a bhfuil meáchan 4,3 kg ar a laghad iontu agus atá tirimleasaithe ar feadh 28 seachtaine ar a laghad ag brath ar na haicmí éagsúla meáchain, a bhfuil laghdú íosta meáchain 40 % laistigh de na híostréimhsí comhfhreagracha tirimleasaithe a leagtar síos sa tsonraíocht táirge i gceist leo, agus a bhfuil na saintréithe dá dtagraítear in Airteagal 6 den tsonraíocht táirge iontu.

Cúis: Is iomchuí an ceanglas maidir le laghdú íosta meáchain 40 % i gcás cosa muiceola sa chatagóir 'Riserva' a bhfuil sé beartaithe iad a ghearradh i níos mó ná dhá chuid toisc gur lú craiceann muiceola agus gur lú clúdach craicinn a bhíonn orthu. Dá bhrí sin, teastaíonn tréimhse aosaithe níos faide ón bhfeoil. Mar thoradh ar an difríocht dhá phointe céatadáin i gcomparáid leis an laghdú íosta meáchain 38 % i gcás cosa den chineál céanna nach mbaineann leis an gcatagóir 'Riserva', cuirtear feabhas ginearálta ar na hairíonna fisiceacha agus céadfacha a bhaineann le dath, le huigeacht, le blas agus le dea-bholadh.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 5

Tuairisc

Leasú 14

Baineann an leasú le hAirteagal 5, an mhír dheireanach, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.6 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Cuirtear isteach leis an leasú tábla ina leagtar síos, chun an téarma breise 'Riserva' a úsáid, na híostréimhsí tirimleasaithe i seachtainí le haghaidh aicmí meáchain aonair na coise muiceola.

Cúis: Mar thoradh ar an méadú ar an líon seachtainí le haghaidh tirimleasú, i ndáil le haicmí éagsúla meáchain na gcos, tagann méadú ar an laghdú meáchain mar aon le laghdú ar an meánluach 'aw'. Áirithítear leis an bparaiméadar sin comhsheasmhacht níos fearr an táirge, i dteannta cobhsaíocht mhicribhitheolaíoch níos fearr. Mar thoradh ar an méadú ar an líon íosta seachtainí le haghaidh tirimleasú, ar an méadú ar an laghdú meáchain agus ar an laghdú ar ghníomhaíocht uisce, cuirtear feabhas ginearálta ar na hairíonna fisiceacha agus céadfacha a bhaineann le dath, le huigeacht, le blas agus le dea-bholadh, dá bhforáiltear in Airteagal 6 den tsonraíocht táirge.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 5

Tuairisc

Leasú 15

Baineann an leasú le hAirteagal 5, an mhír dheireanach, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Sonraítear leis an leasú nach gceadaítear *affinamento* le haghaidh an táirge a bhfuil sé beartaithe é a aicmiú mar 'Riserva'.

Cúis: Tá gá leis an gcoinníoll sin toisc go n-áirithítear cion taise níos ísle don chineál sin táirge leis an tréimhse thirimleasaithe níos faide agus leis an laghdú meáchain níos mó. Dá bhrí sin, níl *affinamento* iomchuí chun saintréithe an táirge deiridh a bhaint amach.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 6

Tuairisc

Leasú 16

Baineann an leasú le hAirteagal 6, mír 8, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.6 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leagtar síos leis an leasú, i gcás cosa muiceola atá beartaithe le haghaidh tháirgeadh an táirge dá n-úsáidtear an téarma 'Riserva', nach mór 85 phointe ar a laghad den 100 pointe iomlán atá ar fáil sa mheasúnú a bheith sna scóir le haghaidh na dtuairisceoirí aonair.

Cúis: Baineann an scór níos airde de 85 as an 100 pointe iomlán atá ar fáil don mheasúnú le haghaidh na catagóire 'Riserva' le pointí i bhfad níos airde a bhronntar le haghaidh na dtuairisceoirí céadfacha dearfacha 'Forbairt an datha dheirg', 'Uigeacht na feola trua' agus 'Dath míchothrom'.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 7

Tuairisc

Leasú 17

Baineann an leasú le hAirteagal 7 den tsonraíocht táirge. níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Déantar Airteagal 7 (Rialuithe) a scriosadh leis an leasú.

Cúis: Is nuashonrú riachtanach é an scriosadh chun an tsonraíocht táirge a thabhairt i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais atá i bhfeidhm faoi láthair, ós rud é nach bhfuil sé sainordaitheach a thuilleadh mionsonraí an chomhlachta rialúcháin a áireamh de bhun Airteagal 49 de Rialachán (AE) 2024/1143.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8

Tuairisc

Leasú 18

Baineann an leasú le hAirteagal 8 den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, athraítear 'Airteagal 8' go 'Airteagal 7'.

Cúis: Tá gá leis an leasú i bhfianaise struchtúr airteagail nua na sonraíochta táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8

Tuairisc

Leasú 19

Baineann an leasú le hAirteagal 8, mír 1, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, in Airteagal 7 de théacs nua na sonraíochta táirge, cuirtear an tagairt do laghduithe íosta meáchain mar a leagtar síos in Airteagal 5 in ionad na tagartha don laghdú íosta meáchain 35 %, lena sonraítear nach mór na saintréithe dá dtagraítear in Airteagal 6 den tsonraíocht táirge a bhaint amach.

Cúis: Tá gá leis an leasú sin chun na meáchain íosta éagsúla a leagtar síos sa tsonraíocht táirge le haghaidh na gcineálacha éagsúla cos muiceola agus le haghaidh na catagóire 'Riserva' a chur san áireamh.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8

Tuairisc

Leasú 20

Baineann an leasú le hAirteagal 8, mír 4, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Sonraítear sa leasú gur cheart a thuiscint go dtagraíonn an toirmeasc ar théarmaí tuairisciúla eile a úsáid do na téarmaí sin ar dócha go gcuirfidh siad an tomhaltóir amú maidir le saintréithe iarbhír an táirge.

Cúis: Is iomchuí an leasú chun go mbeidh na monaróirí éagsúla in ann saintréithe an táirge a chur i dtábhacht ar bhealach níos fearr.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

Teideal

Leasú ar Airteagal 8

Tuairisc

Leasú 21

Baineann an leasú le hAirteagal 8, mír 10, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú cuirtear 'TGFC Speck Alto Adige' in ionad 'TGFC Alto Adige Speck'.

Cúis: Ceartaítear leis an leasú botún sa téacs tríd an ainm cláraithe ceart a chur isteach.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8

Tuairisc

Leasú 22

Baineann an leasú le hAirteagal 8, mír 10, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leagtar síos leis an leasú dath na bhfocal 'SÜDTIROL' trína dhath Pantone a shonrú.

Cúis: Tá sé i gceist leis an leasú lógó an TGFC a dhéanamh níos comhsheasmhaí le beartais chur chun cinn agus forbartha an limistéir dá dtagraíonn an TGFC.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

Teideal

Leasú ar Airteagal 8

Tuairisc

Leasú 23

Baineann an leasú le hAirteagal 8, mír 10, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.6 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear dath liath i dteimpléad lógó an TGFC in ionad dhath glas an fhocail 'SÜDTIROL'.

Cúis: Is é is cuspóir don leasú sin comhordú níos fearr a dhéanamh ar lógó an TGFC le beartais chur chun cinn agus forbartha an limistéir dá dtagraíonn an TGFC.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

Teideal

Leasú ar Airteagal 8

Tuairisc

Leasú 24

Baineann an leasú le hAirteagal 8, mír 11, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, laghdaítear leithead íosta lógó an TGFC ó 4 cm go 3,5 cm.

Cúis: Is oiriúnú riachtanach é an leasú ar fhormáidí agus ar mhéideanna nua na bpacáistí díolacháin, i gcomhréir leis an ngá atá le tionchar comhshaoil níos ísle agus, dá bhrí sin, le húsáid laghdaithe ábhar pacáistíochta nach mór a dhiúscairt ansin. Mar sin féin, áirithítear leis an íosmhéid 3,5 cm go léirítear an lógó agus a inléiteacht ar an mbealach is fearr.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

Teideal

Leasú ar Airteagal 8

Tuairisc

Leasú 25

Baineann an leasú le hAirteagal 8, mír 12, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear tagairt do Rialachán (AE) 2024/1143, lena gceanglaítear siombail an Aontais a úsáid le haghaidh tásca geografacha faoi chosaint, in ionad na tagartha do Rialachán (CE) Uimh. 1898/2006.

Cúis: Is nuashonrú riachtanach é an leasú ar bhonn rialacha an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm, dá dtagraítear in Airteagal 37(3) de Rialachán (AE) 2024/1143.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

Teideal

Leasú ar Airteagal 8

Tuairisc

Leasú 26

Baineann an leasú le hAirteagal 8, mír 14, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.6 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear an téarma 'Riserva' isteach mar cheann de na téarmaí breise a fhéadfar a úsáid, agus nasctar é leis na ceanglais táirgthe dá dtagraítear in Airteagal 5 agus leis na saintréithe dá dtagraítear in Airteagal 6 den tsonraíocht táirge.

Cúis: Tá gá leis an leasú sin chun rialáil a dhéanamh ar an mbealach a n-úsáidtear an téarma breise 'Riserva' i lipéadú an táirge.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

Teideal

Leasú ar Airteagal 9

Tuairisc

Leasú 27

Baineann an leasú le hAirteagal 9 den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú athraítear ‘Airteagal 9’ go ‘Airteagal 8’.

Cúis: Tá gá leis an leasú i bhfianaise struchtúr airteagail nua na sonraíochta táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

Teideal

Airteagal 9 nua a chur isteach

Tuairisc

Leasú 28

Baineann an leasú le hAirteagal 9 a chur isteach; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Cuireadh isteach Airteagal 9 ‘Cruthúnas tionscnaimh’ ina luaitear gur gá faireachán a dhéanamh ar na páirtithe uile atá cláraithe i gcóras rialúcháin an TGFC agus iad a chur faoi rialú an chomhlachta rialúcháin, trína gcatagóirí a shainaithint.

Cúis: Is gá an tAirteagal sin a thabhairt isteach chun an tsonraíocht táirge a thabhairt i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm, dá bhforáiltear in Airteagal 20 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/26 ón gCoimisiún.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

‘Speck Alto Adige / Südtiroler Markenspeck / Südtiroler Speck’

Uimhir thagartha AE: PGI-IT-0327-AM01 — 20.2.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Speck Alto Adige / Südtiroler Markenspeck / Südtiroler Speck’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

☐ TG

3. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Iodáil

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

16 — ULLMHÓIDÍ Ó FHEOIL, Ó ÉISC, Ó CHRÚSTAIGH, Ó MHOILISC NÓ Ó INVEIRTEABRAIGH UISCE EILE, NÓ Ó FHEITHIDÍ

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Déantar 'Speck Alto Adige' (san Iodáilis), 'Südtiroler Markenspeck' / 'Südtiroler Speck' (sa Ghearmáinis) a tháirgeadh ó chosa muiceola díchnámhaithe atá measartha saillte agus spíosraithe, fuardheataithe in áitribh speisialta ag uasteocht 20 °C agus tirimleasaithe go hiomchuí i gcomhréir le nósanna agus traidisiúin áitiúla. Tá saintréithe orgánaileipteacha sonracha ann.

Nuair a scaoiltear 'Speck Alto Adige' / 'Südtiroler Markenspeck' / 'Südtiroler Speck' lena thomhailt, bíonn dath donn ar an taobh amuigh, agus bíonn a shlisní dearg agus codanna bána scoth-bhándearga iontu. Bíonn dea-bholadh taitneamhach deataigh agus spíosraí air mar aon le dianbhlas sainiúil. Is iad seo a leanas na saintréithe ceimiceacha, fisiciceimiceacha agus micribhitheolaíocha:

Iomlán próitéine a bhíonn níos mó ná 20 % nó cothrom leis;

Cóimheas idir uisce agus próitéin a bhíonn níos lú ná 2,0 nó cothrom leis;

Cóimheas idir saill agus próitéin a bhíonn níos lú ná 1,5 nó cothrom leis;

Clóiríd sóidiam a bhíonn níos lú ná 5 % nó cothrom leis;

Níotráit photaisiam a bhíonn níos lú ná 150 mg/kg;

Nítrít sóidiam a bhíonn níos lú ná 50 mg/kg;

Cion miocróib méisifileach a bhíonn i gcomhréir le caighdeán UNI ISO 4833 (2003);

Baictéir aigéid lachtaigh a bhíonn ag uasleibhéal 1×10^8 aonad déanta coilíneachta/gram (ADC/g).

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le Tásc Geografach faoi Chosaint agus sa chás sin amháin)*

—

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór 'TGFC Speck Alto Adige' / 'Südtiroler Markenspeck g.g.A.' / 'Südtiroler Speck g.g.A.' a bhearradh trí úsáid a bhaint as an modh traidisiúnta leis an ngeadán nó gan é, a bheith tirimshaillte agus spíosraithe, deataithe ag teocht nach mó ná 20 °C agus a bheith tirimleasaithe ag teocht chomhthimpeallach idir 10 °C agus 16 °C agus leibhéal bogthaise idir 55 % agus 90 % i gceist.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Féadfar 'Speck Alto Adige' / 'Südtiroler Markenspeck' / 'Südtiroler Speck' a scaoileadh lena thomhailt scaoilte nó pacáistithe faoi fholús nó in atmaisféar modhnaithe agus féadfaidh sé a bheith iomlán, gearrtha nó slisnithe.

Ní fhéadfar 'Speck Alto Adige' / 'Südtiroler Markenspeck' / 'Südtiroler Speck' a ghearradh, a shliseadh agus a phacáistiú ach amháin sa limistéar táirgeachta a shainaithnítear i bpointe 4 chun a áirithiú go bhfaighidh an tomhaltóir deiridh táirge inar caomhnaíodh an blas saintréithiúil agus na dea-bholaithe is éadroime.

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní fhéadfar ainm an táisc gheografaigh faoi chosaint, 'Speck Alto Adige' / 'Südtiroler Markenspeck' / 'Südtiroler Speck', a aistriú go teangacha eile.

Ní mór é a bheith ar an lipéad i litreoireacht shoiléir dhoscriosta ar féidir idirdhealú soiléir a dhéanamh idir í agus gach scríbhinn eile ar an lipéad agus ní mór an frása 'Tásc Geografach faoi Chosaint' agus/nó an giorrúchán 'TGFC' a chur ina dhiaidh, nach mór a aistriú go dtí an teanga ina bhfuil an táirge á mhargú.

Ní mór lógó an TGFC 'Speck Alto Adige' / 'Südtiroler Markenspeck' / 'Südtiroler Speck' a bheith ar gach lipéad.

Féadfar an téarma 'Riserva' a úsáid i lipéadú, i dtuairisc agus i gcur i láthair an táirge a thagann as cosa muiceola a bhfuil sé beartaithe iad a choinneáil iomlán, cosa a bhfuil a sé beartaithe iad a ghearradh ina dhá chuid, cosa a bhfuil sé beartaithe iad a shliseadh, a bhfuil meáchan 4,3 kg ar a laghad iontu ag deireadh na tréimhse próiseála agus atá tirimleasaithe ar feadh 28 seachtaine ar a laghad ó thús na próiseála, agus a bhaineann laghdú íosta meáchain 39 % amach ag brath ar na haicmí éagsúla meáchain laistigh de na tréimhsí tirimleasaithe comhfhreagracha a leagtar amach sa tsonraíocht táirge.

Cosa muiceola a bhfuil sé beartaithe iad a ghearradh i níos mó ná dhá chuid, ní mór dóibh laghdú íosta meáchain 40 % a bhaint amach chun an téarma breise 'Riserva' a úsáid. Chun an téarma breise 'Riserva' a úsáid, bunaítear saintréithe 'TGFC Speck Alto Adige' / 'Südtiroler Markenspeck g.g.A.' / 'Südtiroler Speck g.g.A.' agus déantar measúnú orthu ar bhonn tuairisceoirí, ceanglas sonrach agus ualuithe laistigh de na teorainneacha ama a leagtar síos sa tsonraíocht táirge.

Féadfaidh na focail bhreise 'prodotto di montagna' a bheith ar an lipéad nuair a dhéantar táirgeadh i limistéir atá suite 600 m ar a laghad os cionn leibhéal na mara agus atá aicmithe go geografach mar cheantair shléibhe dá bhrí sin.

4.7. *Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach*

Ní fhéadfaidh ach gnóthais atá lonnaithe i gcúige féinrialaitheach Bolzano-Alto Adige na cosa muiceola a phróiseáil.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch leis an tionscnamh geografach bunaithe ar an méid seo a leanas

☑ clú

☐ cáilíocht áirithe

☐ saintréithe eile

Achoimre ar an nasc

Tá limistéar táirgeachta an TGFC 'Speck Alto Adige' / 'Südtiroler Markenspeck' / 'Südtiroler Speck' go hiomlán cnocach nó sléibhtiúil. A bhuí le leoithní agus le gaotha athraitheacha a shéideann tríd an iliomad gleannta Alpacha, bíonn dálaí aeráide an limistéir measartha tirim; ina theannta sin, bíonn níos mó ná 300 lá gréine in aghaidh na bliana ann.

Thairis sin, ba é an limistéar teorann sin an pointe inar tháinig cultúr na Meánmhara agus cultúr Mitteleuropa le chéile riamh, agus mar sin, is ann amháin a d'fhéadfaí na dálaí a chruthú chun modh an-sainiúil a fhorbairt chun muiceoil a leasú, ar modh é ina n-úsáidtear an deatú a úsáidtear de ghnáth in Mitteleuropa agus tirimleasú na Meánmhara araon.

Murab ionann agus liamhása limistéar Ghleann na Pó, táirgtear 'Speck Alto Adige' / 'Südtiroler Markenspeck' / 'Südtiroler Speck' as cos muiceola díchnámhaithe, oscailte agus tarraingthe a dheataítear agus a thirimleasaítear ina dhiaidh sin. Saintréith dá chuma is ea a dhath donn seachtrach ar toradh é ar an bpróiseas deataithe. Nuair a ghearrtar ina shlisní é, bíonn dath dearg ar an gcuid thrua agus bíonn dath bán scoth-bhándearg ar an gcuid shailleach. Bíonn gnáth-dhea-bholadh na feola tirimleasaithe ar 'Speck Alto Adige' / 'Südtiroler Markenspeck' / 'Südtiroler Speck', arb é is saintréith di ruainníní deataigh taitneamhacha. Bíonn dianbhlas ar an bhfeoil cé nach mbíonn sé goirt.

Tá an nasc cúisíoch idir 'Speck Alto Adige' / 'Südtiroler Markenspeck' / 'Südtiroler Speck' agus an limistéar ina dtáirgtear é bunaithe ar na dálaí sonracha miocraeráide in Alto Adige, a raibh tionchar acu ar eispéireas sainiúil uathúil iamhchríoch stairiúil/chultúrtha na Tioróile Theas. Ba limistéar aistrithe stairiúil, eitnigh, eacnamaíoch agus chultúrtha riamh í an chríoch theorann sin idir an chuid den Eoraip ó thuaidh de na hAlpa agus an chuid ó dheas díobh, agus dá bhrí sin bhí fáil inti ar thaithí an dá limistéar forbartha. Mar gheall ar na leoithní agus na gaotha aduaidh agus aneas ón gcóras sléibhe a shéideann trí Alto Adige agus a thagann le chéile sna gleannta ann, tá an aeráid an-oiriúnach chun 'Speck Alto Adige' / 'Südtiroler Markenspeck' / 'Südtiroler Speck' a thirimleasú, rud a spreag bunú an chineáil sin próiseála feola ar féidir a bhunús a rianú ar ais go dtí traidisiún áitreabh feirme na nAlp. Fréamhaíodh an teicníc leasaithe ina mbaintear úsáid fhorleathan as deatach, rud ar de thionscnamh an tuaiscirt é, in éineacht le húsáid salainn agus triomú mall de réir a chéile faoi dhálaí nádúrtha,agus is teicníc de thionscnamh Ghleann na Pó í. Táirge ar a mbíonn blas an-chothrom a bhíonn mar thoradh ar an teicníc sin, ar blas níos séimhe é ná blas na ngearrthacha fuara as tuaisceart na hEorpa, a bhíonn deataithe go mór, agus ar blas níos láidre é ná blas liamhása séimhe limistéar na Meánmhara. Déantar é a aosú agus a shaibhriú go foirfe a bhuí leis na dea-bholaithe agus na húscraí áitiúla a bhíonn san aer a imshruthaíonn le linn tirimleasú agus leis na blastanais a úsáidtear le linn na gcéimeanna próiseála tosaigh araon. Is cúiseanna breise iad sin gurb é cáil Speck Alto Adige / Südtiroler Markenspeck / Südtiroler Speck cáil táirge shuaitheanta dá limistéar geografach tionscnaimh.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.masaf.gov.it/flex/cm/pages/ServeAttachment.php/L/IT/D/1%252F0%252Fa%252FD.db486de7a0268ffb9f75/P/BLOB%3AID%3D3339/E/pdf?mode=download